



# Duine Cosúil Liomsa

COMÓRTAS EALAÍNE

Buaigh duaiseanna iontacha suas  
go luach **€750** ar son do scoile!\*

Bronnfar duaiseanna ar:

- \* 1 Bhuaitoir Sóisearach an Contae
- \* 1 Bhuaitoir Sinsearach an Contae
- \* 1 Bhuaitoir Iomlán Náisiúnta

Téigh chuig ár suíomh gréasáin

[www.SomeoneLikeMeCompetition.ie](http://www.SomeoneLikeMeCompetition.ie)

le haghaidh tuilleadh eolais agus le  
teacht ar na hacmhainní a bhaineann  
lenár gceachtanna foghlama

SPRIODHÁTA  
LE HAGHAIDH  
IONTRÁLACHA

**20**  
Deireadh  
Fómhair  
2017

\*Rachaidh  
buaiteoirí chuig  
searmánas bronnta  
duaiseanna i Halla  
na Cathrach i mBaile  
Átha Cliath i mí na  
Nollaig i mbliana.



# Duine Cosúil Liomsa: Plean Ceachta Sóisearach

## Naíonáin Shóisearacha go Rang a 2

### Aidhmeanna:

- \* Aithneoidh na daltaí cosúlachtaí agus difríochtaí i ndaoine agus beidh meas acu orthu
- \* Forbróidh na daltaí tuiscint ar mhíchumas
- \* Forbróidh na daltaí tuiscint chomhpháirteach ar conas ba chóir dúinn caitheamh le daoine eile i slí bháuil thuisceanach, agus ar conas ba chóir dúinn daoine eile a tharraingt isteach inár gcuid gníomhaíochtaí agus spraoi
- \* Freagróidh siad go healaíonta don téama **'Duine Cosúil Liomsa'**
- \* Spreagfaidh sé daltaí le labhairt faoin gcuid oibre féin agus faoi obair daltaí eile

### Naisc Curaclaim:

- \* **OSPS**-Mise agus daoine eile / Mise agus an domhan mór
- \* **Na hAmharcealaíona** – Aonaid gach snáithe

### Forbairt:

- \* Scríobh 'míchumas' ar an gclár. Fiafraigh de dhaltai cén tuiscint atá acu ar an bhfocal 'míchumas'
- \* Pléigh an t-eolas/an taithí atá ag na daltaí cheana féin ar mhíchumas, mar shampla, míchumas fisiciúil; míchumas céadfach, bodhaire nó daille mar shampla; agus an míchumas a thagann ar dhaoine agus iad ag éirí níos sine, nuair is gá áiseanna éisteachta agus siúládan a úsáid\*
- \* Plé i ngrúpaí – Conas is féidir linn caitheamh le daoine eile i slí thuisceanach. Is féidir le Rang a hAon agus a Dó líosta slite a scríobh/tharraingt de na rudaí is féidir leo a dhéanamh ar scoil

### Seisiún Iomlán:

- \* Míneigh do na daltaí go mbeidh siad ag cruthú píosa ealaíne anois dar teideal **'Duine Cosúil Liomsa'** agus go mbeidh sé bunaithe ar an méid atá foghlamtha acu. Is féidir leo a shocrú más mian leo iontráil ranga, iontráil scoile nó iontráil aonair a chruthú. Nuair a bheidh an obair déanta acu tabhair roinnt ama do na daltaí le féachaint ar shaothair a chéile agus le haiseolas dearfach a thabhairt orthu.

### Le Cur Isteach ar an gComórtas:

**Cuir d'iontráil in éineacht leis na sonraí thíos ar chúl d'iontrála nó ceangailte leis:**

1. Ainm na Scoile / 2. Uimhir Rolla na Scoile / 3. Seoladh na Scoile / 4. Ainm an Mhúinteora / 5. Leibhéal an Ranga / 6. Ainm an dalta / 7. Cur síos gairid ag míniú na smaointe agus na rudaí a spreag an dalta/ na daltaí chun an píosa a dhéanamh (Líon na bhfocal sa leagan sóisearach: suas go 100 focal).

**Le haghaidh píosaí níos mó/3T is féidir leat grianghraif a ghlacadh agus iad a chur isteach le do chuid sonraí.**

### Réamhrá:

#### Obair péire –

Faigh 2 dhifríocht agus 2 chosúlacht sa duine eile, is é sin, spéaclaí, dath gruaige/súl, airde. Iarr ar pháirtithe rud amháin a roinnt leis an rang, rud amháin atá éagsúil, ach rud amháin is maith leo faoina bpáirtí.

#### Cuir an mála pónairí thart –

Seasann gach dalta i gcirocal. Tá an mála pónairí ag dalta, iarr ar an dalta sin a rá os ard an tslí a bhfuil sé/sí éagsúil, mar shampla, 'Tá súile donna agam.' An chéad dalta eile a ardaíonn a lámh agus a deir 'Tá súile donna agam freisin.' rud a léiríonn cosúlacht, faigheann an daltaí sin an mála pónairí agus leanann an cluiche.

**Roghnach:** Tá bileog ghníomhaíochta ar fáil ar líne ó [www.someonelikemecompetition.ie](http://www.someonelikemecompetition.ie)

\* Le haghaidh daltaí i Rang a hAon agus a Dó, is féidir leat a mhíniú go mbíonn míchumas ar dhaoine uaireanta ón lá a rugadh iad, agus uaireanta gur drochthinneas nó drochtimpiste is cúis leis an míchumas

Is féidir leat an teachtaireacht **'Duine Cosúil Liomsa'** a léiriú i dtaispeántas scoile, i dtaispeántas ealaíne nó ar shuíomh gréasáin do scoile.

### Cuimhnigh

Is féidir leat rud a tharraingt, a phéinteáil, a chló, úsáid a bhaint as cré, struchtúr 3T a dhéanamh, úsáid a bhaint a frabraic nó más mian leat bheith an-chruthaitheach is féidir leat meáin measctha a úsáid.